# Breithlá Mol Mata

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - patrúin agus gaolta<br>*Naisc Thraschraclaim - Teanga agus Litearthacht, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • patrúin a lorg agus labhairt orthu<br>• a gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid<br>• teanga chuí mhatamaiticiúil a úsáid le ceisteanna a fhreagairt faoina gcuid oibre |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | patrúin, cnaipí, coirníní, céad rud eile, glas, buí, gorm, dearg srl. cóipeáil, leathnú |
| **Áiseanna** | cnaipí, licíní, cárta, péinteanna, criáin, marcóirí, pinn luaidhe, Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Ceistíonn an múinteoir na daltaí faoin chiall atá leis an fhocal 'patrún'. Tugann an múinteoir sampla de phatrún agus iarrann sé ar na daltaí amharc thart ar an tseomra ranga le patrúin a fheiceann siad a shainaithint.

### 2 Gníomhaíocht 2

Tá Mol Mata ag cur slacht ar a sheomra roimh a bhreithlá agus tagann sé ar chrúsca cnaipí. Leagann an múinteoir licíní amach i bpatrún, iarrann sé ar na daltaí cur síos a dhéanamh ar an phatrún agus ansin déanann na daltaí an patrún a chóipeáil agus é a athdhéanamh.

### 3 Gníomhaíocht 3

Cuireann an múinteoir crúsca licíní nó a leithéid ar fáil do na daltaí. An dtig leat cuidiú le Mol Mata patrún difriúil a dhéanamh ag úsáid dhá dhath? Úsáid an Uirlis Sórtála Mol Mata leis an phatrún a thaispeáint.

### 4 Gníomhaíocht 4

Is maith le Mol Mata patrúin. An dtig leat cárta breithlae a dhéanamh do Mol Mata agus do phatrún féin a dhearadh don imeall? Roinneann daltaí a gcuid patrún leis an rang.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad dath a d'úsáid tú i do phatrúin?<br>• Cad iad na dathanna a d'úsáid tú?<br>• Cad é an chéad dath eile?<br>• Cá mhéad cnaipe/licín a d'úsáid tú? | • Déan cur síos ar an phatrún a fheiceann tú.<br>• Cá mhéad patrún a thig leat a dhéanamh le dhá dhath?<br>• Cén patrún is fearr leat? Cad chuige?<br>• An dtiocfadh leat patrún difriúil a dhéanamh ag úsáid na ndathanna céanna?<br>• An bhfuil freagra gach duine mar an gcéanna? Cad chuige/Cad chuige nach bhfuil?<br>• Dá mbeadh níos mó dathanna agat, an athrófá do phatrún? Cén dóigh? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Socraigh líon na ndathanna ag brath ar ábaltacht. Pléigh na torthaí féideartha uilig le dhá dhath/trí dhath srl.